Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1052

28.5.2025

**CINNEADH (AE) 2025/1052 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19 Bealtaine 2025**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóivéin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha den scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh an Aerspáis Eorpaigh Aonair**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 2925)*

**(Is é an téacs sa tSlóivéinis amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair ([2]), agus go háirithe Airteagal 58(3) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 ([3]), agus go háirithe Airteagal 14(2), an dara mír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

(1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá na Ballstáit le pleananna a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, lena n-áirítear spriocanna feidhmíochta, le haghaidh gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta agus muirearaithe le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra. Áireofar sna pleananna sin spriocanna feidhmíochta áitiúla atá comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh na tréimhse tagartha lena mbaineann.

(2) Leagadh síos na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an cheathrú tréimhse thagartha ('TT4', 2025-2029) i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Tá dréachtphlean feidhmíochta tarraingthe suas ag gach Ballstát le haghaidh TT4, pleananna a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2024. Tar éis don Choimisiún a fhíorú gurbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar na Ballstáit dréachtphleananna feidhmíochta cothrom le dáta a chur isteach faoin 15 Samhain 2024.

(4) An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, tá sé bunaithe ar an dréachtphlean feidhmíochta cothrom le dáta le haghaidh TT4 a chuir an tSlóivéin isteach ('an dréachtphlean feidhmíochta').

(5) An Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta ('CAF'), comhlacht a thugann cúnamh don Choimisiún chun an scéim feidhmíochta a chur chun feidhme, chuir sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil a chomhairle faoin measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta.

([1]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/549/oj.
([2]) IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj.
([3]) IO L 56, 25.2.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/317/oj.
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2024 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an gceathrú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2025 agus dar críoch an 31 Nollaig 2029 (IO L, 2024/1688, 17.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1688/oj).

(6) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla a chuimsítear sna dréachtphleananna feidhmíochta ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh i gcás inarb ábhartha.

(7) Chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar an dréachtphlean feidhmíochta le hathbhreithniú ar na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Maidir le pointe 2.1(d)(vii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire nach ndearna sé, mar chuid den athbhreithniú sin, anailís mhionsonraithe ar an modheolaíocht arna húsáid ag an tSlóivéin chun costais a leithdháileadh idir seirbhísí faoi bhealach agus seirbhísí críochfoirt le linn TT4. Dá bhrí sin, níor tháinig an Coimisiún ar aon chonclúid, ag an gcéim seo, maidir lena mhéid a chomhlíonann an mhodheolaíocht sin maidir le leithdháileadh costas pointí (e) agus (f) d'Airteagal 15(2) de Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus Airteagal 22(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na spriocanna sábháilteachta

(8) Maidir leis an réimse tábhachtach feidhmíochta a bhaineann leis an tsábháilteacht, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna atá sa dréachtphlean feidhmíochta i gcomhréir le pointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

(9) Is iad seo a leanas na spriocanna feidhmíochta i réimse tábhachtach feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an tSlóivéin i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna léiriú mar leibhéil cur chun feidhme:

| **An tSlóivéin** | **Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéil A agus D de chuid EASA** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta** | **Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
| Slovenia Control | Beartas agus cuspóirí sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |
| | Bainistíocht riosca sábháilteachta | D | D | D | D | **D** |
| | Dearbhú sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |
| | Cur chun cinn na sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |
| | Cultúr sábháilteachta | C | C | C | C | **C** |

(10) Tá sé suite ag an gCoimisiún gurb ionann na spriocanna feidhmíochta a mholann an tSlóivéin le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta 'Slovenia Control' agus na spriocanna sábháilteachta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2025 go 2029.

(11) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta bearta lena ndéanamh ag Slovenia Control chun na spriocanna sábháilteachta áitiúla a bhaint amach, amhail bonnlíne riosca oibriúcháin nua a shainiú faoi réir athbhreithnithe rialta, meastóireacht a dhéanamh ar shonraí staidrimh, agus córas foláirimh a úsáid chun críoch faireacháin lena gcumasaítear treochtaí díobhálacha sábháilteachta a bhrath.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta a san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 10, ELI http://data.europa.eu/eli/reg/2004/550/oj).

(12) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (9), (10) agus (11), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta áitiúla atá sa dréachtphlean feidhmíochta comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.

**Measúnú ar na spriocanna comhshaoil**

(13) Maidir le réimse tábhachtach feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna comhshaoil a mholann an tSlóivéin atá beartaithe i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bPlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, arna tharraingt suas i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún [6] agus a bhí ar fáil tráth a glacadh na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4, is é sin an 2 Iúil 2024.

(14) Is iad seo a leanas na spriocanna feidhmíochta comhshaoil a mholann an tSlóivéin le haghaidh TT4 mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, arna léiriú mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír:

| An tSlóivéin | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna i réimse tábhachtach feidhmíochta an chomhshaoil**, arna léiriú mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír | **1,70 %** | **1,67 %** | **1,64 %** | **1,61 %** | **1,58 %** |
| Luachanna tagartha | 1,70 % | 1,67 % | 1,64 % | 1,61 % | 1,58 % |

(15) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspriocanna comhshaoil a mholann an tSlóivéin agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire le linn TT4.

(16) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an tSlóivéin, sa dréachtphlean feidhmíochta, chun na spriocanna comhshaoil áitiúla a bhaint amach, lena n-áirítear aerspás saorbhealaigh trasteorann a chur chun feidhme agus moltaí maidir le héifeachtúlacht eitilte a chumasú a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a chur i bhfeidhm.

(17) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (14), (15) agus (16), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna i dtaca leis an réimse tábhachtach feidhmíochta a bhaineann leis an gcomhshaol atá sa dréachtphlean feidhmíochta comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

**Measúnú ar na spriocanna acmhainneachta**

(18) Maidir le réimse tábhachtach feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an tSlóivéin isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibhe aerthráchta ('ATFM') faoi bhealach in aghaidh na heitilte, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholann an tSlóivéin i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochtaí Líonra, arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún agus a bhí ar fáil tráth a glacadh na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4, is é sin an 2 Iúil 2024.

(19) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna acmhainneachta eitiltí faoi bhealach a mholann an tSlóivéin le haghaidh TT4, arna léiriú i nóiméid moille BSAT in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochtaí Líonra:

[6] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta (BAT) a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún (IO L 28, 31.1.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/123/oj).

| An tSlóivéin | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna i réimse tábhachtach feidhmíochta na hacmhainneachta**, arna léiriú i nóiméid moille BSAT faoi bhealach in aghaidh na heitilte | **0,17** | **0,12** | **0,08** | **0,07** | **0,07** |
| Luachanna tagartha | 0,17 | 0,12 | 0,08 | 0,07 | 0,07 |

(20) Tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil na spriocanna a bhaineann le toilleadh faoi bhealach a mholann an tSlóivéin comhionann leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire in TT4.

(21) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an tSlóivéin, sa dréachtphlean feidhmíochta, chun na spriocanna acmhainneachta áitiúla faoi bhealach a bhaint amach, lena n-áirítear bainistiú feabhsaithe ar shreabhadh aerthráchta agus ar thoilleadh a chur chun feidhme, coigeartuithe ar an eagraíocht tráchta mar fhreagairt ar athruithe ar shreabha tráchta réigiúnacha, oiliúint agus earcú rialtóirí aerthráchta breise, agus uasghráduithe ar an gcóras bainistíochta aerthráchta.

(22) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (19), (20) agus (21), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna i dtaca leis an réimse tábhachtach feidhmíochta a bhaineann leis an acmhainneacht atá sa dréachtphlean feidhmíochta comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

**Measúnú ar na spriocanna costéifeachtúlachta**

(23) Maidir le réimse tábhachtach feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a áirítear sna dréachtphleananna feidhmíochta maidir leis an gcostas aonaid arna shuí ('CAAS') le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta eitiltí faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treocht CAAS le linn TT4, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn an tríú tréimhse tagartha ('TT3') agus TT4 (2020-2029), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéil an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.

(24) Is iad seo a leanas na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach a mholann an tSlóivéin le haghaidh TT4, agus na luachanna bonnlíne gaolmhara:

| Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Slóivéine | Luach bonnlíne 2019 | Luach bonnlíne 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna agus luachanna bonnlíne i réimse tábhachtach feidhmíochta na costéifeachtúlachta**, arna léiriú mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022) | **EUR 60,67** | **EUR 55,98** | **EUR 55,22** | **EUR 55,13** | **EUR 54,65** | **EUR 54,12** | **EUR 52,83** |

(25) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil treocht CAAS na Slóivéine ar leibhéal an limistéir muirearaithe de -1,2 % le linn TT4 i gcomhréir leis an treocht uile-Aontais de -1,2 % le linn na tréimhse céanna.

(26) Maidir leis an gcritéar measúnaithe a leagtar amach i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go sáraíonn treocht CAAS fhadtéarmach na Slóivéine le linn TT3 agus TT4 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá -1,5 %, an treocht fhadtéarmach uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá -1,0 %.

(27) Maidir leis an gcritéar a leagtar amach i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an luach bonnlíne EUR 55,98 le haghaidh CAAS na Slóivéine, luach arna shloinneadh i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022 ('EUR2022'), 55,4 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, is é sin EUR 36,04 in EUR2022, a leagtar amach in Airteagal 7 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

(28) Is léir go bhfuil treocht CAAS na Slóivéine le haghaidh TT4 i gcomhréir leis an treocht CAAS uile-Aontais le haghaidh TT4 agus gur fearr treocht fhadtéarmach CAAS na Slóivéine ná an treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais. Dá bhrí sin, léiríonn an tSlóivéin go mbaintear gnóthachain chostéifeachtúla éifeachtacha amach sa mheántéarma agus san fhadtéarma araon. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bac é an diall idir luach bonnlíne na Slóivéine i gcomparáid le meán an ghrúpa comparáide ábhartha dá dtagraítear in aithris (27) ar spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta na Slóivéine a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta uile-Aontais.

(29) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) go (28), ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna i dtaca leis an réimse tábhachtach feidhmíochta a bhaineann le costéifeachtúlacht atá sa dréachtphlean feidhmíochta comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4.

## CONCLÚIDÍ

(30) I bhfianaise an mhéid thuas, ba cheart a mheas go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóivéine comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóivéin isteach le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha ('TT4'), agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh TT4 a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1688.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Slóivéine.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Bealtaine 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Apostolos TZITZIKOSTAS
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

**Na spriocanna feidhmíochta atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóivéine, agus a bhfuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an cheathrú tréimhse thagartha**

**RÉIMSE TÁBHACHTACH FEIDHMÍOCHTA NA SÁBHÁILTEACHTA**

| **An tSlóivéin** | **Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta**, arna léiriú mar leibhéal cur chun feidhme, i raon idir leibhéil A agus D de chuid Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('EASA') | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta** | **Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
| Slovenia Control | Beartas agus cuspóirí sábháilteachta | C | C | C | C | C |
| | Bainistíocht riosca sábháilteachta | D | D | D | D | D |
| | Dearbhú sábháilteachta | C | C | C | C | C |
| | Cur chun cinn na sábháilteachta | C | C | C | C | C |
| | Cultúr sábháilteachta | C | C | C | C | C |

**RÉIMSE TÁBHACHTACH FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL**

| **An tSlóivéin** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna i réimse tábhachtach feidhmíochta an chomhshaoil**, arna léiriú mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír | **1,70 %** | **1,67 %** | **1,64 %** | **1,61 %** | **1,58 %** |

**RÉIMSE TÁBHACHTACH FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA**

| **An tSlóivéin** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna i réimse tábhachtach feidhmíochta na hacmhainneachta**, arna léiriú i nóiméid moille BSAT faoi bhealach in aghaidh na heitilte | **0,17** | **0,12** | **0,08** | **0,07** | **0,07** |

**RÉIMSE TÁBHACHTACH FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA**

| **Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Slóivéine** | **Luach bonnlíne 2019** | **Luach bonnlíne 2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna agus luachanna bonnlíne i réimse tábhachtach feidhmíochta na costéifeachtúlachta**, arna léiriú mar chostas aonaid arna shuí (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2022) | **EUR 60,67** | **EUR 55,98** | **EUR 55,22** | **EUR 55,13** | **EUR 54,65** | **EUR 54,12** | **EUR 52,83** |